RIALACHÁN (AE) 2023/1065 ÓN gCOIMISIÚN

an 1 Meitheamh 2023

lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le clóiríd riobóisíde nicitíonaimíde a chuirtear le bianna

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Nollaig 2006 maidir le vitimíní agus mianraí agus substaintí áirithe eile a chur le bianna ([1]), agus go háirithe Airteagal 3(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hIarscríbhinní I agus II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 bunaítear an liosta de shubstaintí vitimín agus de shubstaintí mianracha, agus na foirmeacha díobh, i gcás gach ceann acu, a fhéadfar a chur le bianna.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/16 ón gCoimisiún ([2]) údaraíodh clóiríd riobóisíde nicitíonaimíde a chur ar an margadh mar bhia núíosach lena úsáid i bhforbhianna mar a shainmhínítear in Airteagal 2 de Threoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), don phobal fásta.

(3) Ós rud é nach mbaineann údarú tosaigh na substainte sin mar bhia núíosach mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/16 ach le forbhianna, cuireadh an tsubstaint ar an liosta a leagtar amach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 2002/46/CE le Rialachán (AE) 2021/418 ón gCoimisiún ([4]). Tar éis iarratas ar úsáid clóiríde riobóisíde nicitíonaimíde mar bhia núíosach a leathnú chun a húsáid chun críoch cothaitheach mar fhoinse niaicine a chumhdach freisin, go háirithe, in ionadaigh ar bhéilí, d'iarr an Coimisiún ar an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') tuairim a thabhairt maidir leis an leathnú sin ar a húsáid i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) agus, tar éis thoradh an mheasúnaithe sin, d'iarr sé ar an Údarás meastóireacht a dhéanamh, i gcomhthéacs Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006, ar shábháilteacht agus ar bhith-infhaighteacht na substainte sin nuair a chuirtear í leis na bianna atá i gceist. An 14 Meán Fómhair 2021, ghlac an tÚdarás tuairim eolaíoch maidir le húsáid clóiríde riobóisíde nicitíonaimíde mar bhia núíosach a leathnú ([6]).

(4) Fágann an tuairim sin nach ábhar imní maidir le sábháilteacht é clóiríd riobóisíde nicitíonaimíde a úsáid i mbianna mar fhoinse niaicine ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe. Leagtar amach na coinníollacha sin in údarú na substainte sin le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1160 ón gCoimisiún ([7]).

([1]) IO L 404, 30.12.2006, lch. 26.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/16 ón gCoimisiún an 10 Eanáir 2020 lena n-údaraítear clóiríd riobóisíde nicitíonaimíde a chur ar an margadh mar bhia núíosach faoi Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún (IO L 7, 13.1.2020, lch. 6).

([3]) Treoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Meitheamh 2002 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le forbhianna (IO L 183, 12.7.2002, lch. 51).

([4]) Rialachán (AE) 2021/418 ón gCoimisiún an 9 Márta 2021 lena leasaítear Treoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le clóiríd riobóisíde nicitíonaimíde agus maláit chiotráite mhaignéisiam a úsáidtear i monarú forbhianna agus a mhéid a bhaineann leis na haonaid tomhais a úsáidtear le haghaidh copair (IO L 83, 10.3.2021, lch. 1).

([5]) Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núíosacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1852/2001 ón gCoimisiún (IO L 327, 11.12.2015, lch. 1).

([6]) *EFSA Journal* [Iris EFSA] 2021;19(11):6843.

([7]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1160 ón gCoimisiún an 5 Iúil 2022 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a mhéid a bhaineann le coinníollacha úsáide agus sonraíochtaí an bhia núíosaigh clóiríd riobóisíde nicitíonaimíde, (IO L 179, 6.7.2022, lch. 25).

(5) I gcomhréir le hAirteagal 3(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006, ní fhéadfar ach na vitimíní agus/nó mianraí a liostaítear in Iarscríbhinn I, agus iad san fhoirm a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an ngníomh sin, a chur le bianna. Ba cheart clóiríd riobóisíde nicitíonaimíde a chur isteach in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 mar fhoirm niaicine, ar bhonn na tuairime fabhraí ón Údarás agus ar bhonn an údaraithe mar bhia núíosach mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1160.

(6) Chuathas i gcomhairle leis an nGrúpa Comhairleach um an mBiashlabhra agus um Shláinte Ainmhithe agus Plandaí agus cuireadh na barúlacha uaidh san áireamh.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 a leasú dá réir sin.

(8) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 1 Meitheamh 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006, laistigh de Phointe 1 a bhaineann le 'Foirmlithe vitimíní', faoi 'NIAICIN', cuirtear an iontráil seo a leanas isteach i ndiaidh na hiontrála a bhaineann le 'nicitíonaimíd':

'clóiríd riobóisíde nicitíonaimíde'.